

Teideal

Measúnú

Réamhráiteas

Cuireadh an polasaí le chéile ar an 13ú Feabhra 2012 ag Múinteoir Aisling le cabhair ó na múinteoirí eile - Clár, Gearóid, Maeve agus Áine.

Réasúnaíocht

Tá sé riachtanach polasaí measúnaithe a chur le chéile ag an am seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas nó an polasaí measúnachta in ár scoil féin agus chun cloí le na treoracha a fhaightear sna:

- an tAcht Oideachais (1998)
- an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003)
- an tAcht um Chomhstádas (2000)
- an tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)
- na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (1997, 2003).

Chomh maith le sin I Mí Eanáir 2012 cuireadh tús leis an straitéise náisiúnta litearachta agus uimhearthachta. Ó thaobh an measúnú de iarradh ar scoileanna:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas measúnaithe do scoile agus a chinntiú go dtugtar aird ann ar fhoilseachán an CNCM, Measúnú sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna agus ar na ceanlais sa Straitéis Náisiúnta Liteathachta agus uimhearthachta.
- Trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh I gcás daltaí I rang a 2,4 agus 6 ó 2012 I Leith.
- Torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a choimeád go cúramach sa scoil agus iad a chur ar fail d'oifigigh na Roinne lena n-íniúchadh.
- Cóipeanna d'fhaisnéis cárta tuairisce agus de torthaí thrialacha caighdeánaithe na ndaltaí a chur ar fail do phríomhoidí na scoileanna chuige n-aistríonn siad.
- Torthaí na dtrialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht agus ar mhatamaitic agus fáisnéis mheasúnaithe eile a úsáid chun dul I gcion ar phlean do scoile um feabhsú na scoile agus um fhéinmheastóireacht.
- Socrú a dhéanamh maidir le torthaí comhiomlánaithe na dtrialacha caighdeánaithe a rinneadh I do scoil a thuairisciú don bhord

bainistíochta agus don roinn oideachas agus scileanna uair amháin sa bhliain.

- Comhoibriú le hiarratais ón Aire Oideachas agus scileanna maidir le páirt a ghlacadh i measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le gnóthachtaí daltaí.

Gaol le spiorad saineúil na scoile

Cuirfidh gníomhaíochtaí measúnachta a úsáidtear sa scoil seo le foghlaim agus forbairt daltaí trí iarracht a dhéanamh:

- Cur ar chumas gach páiste a p(h)oitéinseal a fhorbairt agus a chothú
- Timpeallacht slán sábháilte a chur ar fáil don fhoghlaim
- Comhoibriú agus tuiscint ar éiteas na scoile forbartha agus comhaontaithe idir baill foirne, tuismitheoirí agus daltaí.

Aidhmeanna

Is mian leis an scoil a bhaint amach go hidéalach trí thús a chur leis an mbeartas seo:

- Cur le foghlaim daltaí
- Monatóireacht a dhéanamh ar phróisis foghlama
- Sonraí bonnlíne a chruthú gur féidir a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtaí nó dul chun cinn thar am
- Deis a thabhairt do thuismitheoirí agus daltaí a bheith páirteach in ábaltachtaí nó deacrachtaí foghlama a aithint agus a bhainistiú
- Cuidiú le pleanáil fhadthéarmach agus ghearrthéarmach múinteoirí
- Nósanna imeachta measúnachta a chomhordú ar bhonn na scoile uile 7rl.

Treoirínite (ábhar an pholasáí)

(a) Cuspóirí na measúnachta:

- Faisnéis/eolas a sholáthar do phleanáil agus clúdach na réimsí churaclaim uile
- Na riachtanais fhoghlama ar leith atá ag daltaí/grúpaí daltaí a aithint, daltaí atá an-éirimiúil san áireamh
- Cur le straitéis na scoile chun deacrachtaí foghlama a chosc
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus gnóthachtaí daltaí

- A chur ar chumas múinteoirí a gcláir féin a chur in oiriúint, le cinntiú go bhfuil aghaidh á thabhairt ar riachtanais fhoghlama ar leith daltaí/grúpaí aonair
- Cúntas a chur le chéile de dhul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí aonair
- Cumarsáid idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí faoi fhorbairt, dul chun cinn agus riachtanais foghlama na ndaltaí a éascú
- Rannpháirtíocht na ndaltaí i measúnacht ar a gcuid oibre féin a éascú
- A chur ar chumas múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar na cuir chuige agus modheolaíochtaí atá in úsáid acu féin

(b) Measúnacht ar fhoghlaim:

- Is iad na modhanna measúnachta neamhfhoirmiúla a úsáidtear sa scoil na:
 - *Breathnóireacht múinteoirí*
 - *Tascanna agus tástálacha deartha ag múinteoirí*
 - *Samplaí oibre, portfóiliónna agus tionscadail.*
- Tá modhanna measúnachta difriúla ann ag brath ar an leibhéal agus ar aoise.
- Tá roinnt modhanna measúnachta in úsáid sa scoil mar iomlán. Roghnaíonn múinteoirí aonair modhanna measúnachta eile. Deantar measúnú (*Tascanna agus tástálacha deartha ag múinteoirí*) sa bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhatamaitic ó rang a haon ar aghaidh gach seachtain. Déantar é i ngach ábhar eile chomh maith ó rang a trí ar aghaidh.
- Sa chás go bhfuil an mheasúnacht bunaithe ar bhreathnóireacht an mhúinteora. Úsaideann na múinteoirí aonair a seicliostaí agus a p(h)róifílí féin.
- Tá dualgas ar mhúinteoirí portfóiliónna de thascanna daltaí, samplaí oibre, tionscadail srl. a chur le chéile. Déantar iarracht samplaí d'obair ó gach ábhar scoile a choimeád i bhfillteán.
- Déileálann plean na scoile le measúnacht do gach ábhar curaclaim.
- Úsáidtear tascanna / tástálacha atá deartha ag múinteoirí i ngach ábhar scoile.
- Déanann leanaí measúnacht ar a gcuid oibre/dul chun cinn féin trí mhéan a obair féin a cheartú agus difríochtaí a thabhairt faoi ndeara thar tréimhse ama.

(c) Tástálacha caighdeánaithe

- Is iad na tástálacha a úsáidtear sa scoil seo ná: An Mist (Middle infant screening test), Micra T, Sigma T agus trial Ghaeilge Dhroim Conrach. Ó 2012 ar aghaidh, déanfaimid an scrúdú Sigma T as Gaeilge.
- Déantar an Mist le naíonán mhóra. Déantar an Sigma T agus an Micra T le rang a haon go dtí a sé. Déantar an trial Ghaeilge Dhroim Conrach le rang a dó, ceathair agus rang a sé.
- Déantar iad ag deireadh gach bliain, i Mí Bealtaine nó Meitheamh.
- Tá an príomhoide freagrach as ceannach, dáileadh agus comhordú tástála. Tá an príomhoide freagrach as torthaí na trialacha caighdeánaithe seo a thairisciú don Bord Bainistíochta agus don roinn.
- Riarann an múinteoir ranga na tástálacha caighdeánaithe.
- Tá na tástálacha feiliúnach do gach dalta faoi láthair. Dá mbeadh dalta ann le deacrachtaí (*Daltaí ón iasacht, daltaí le deacrachtaí teanga/foghlama, baill den lucht siúil...*) cuirfear nósanna imeachta eile le fáil.
- Déantar taifead ar an lomscór, scór caighdeánach, ord peircintíle, sten, agus aois léitheoireachta. Tá cur chuige comhionann sna ranganna uile. Ón scoilbhlian 2011/2012 ar aghaidh déantar graif de na torthaí ar fad chun gur féidir analís a dhéanamh orthu - deacrachtaí a aithint agus spriocanna feabhsúcháin a dhéanamh amach.
- Tá an múinteoir ranga i gcomhairle leis an múinteoir tacaíocht foghlama páirteach in anailís a dhéanamh ar na torthaí.
- Luaítear an Sten ar na tuairiscí scoile chun na torthaí a thabhairt do na tuismitheoirí.

(d) Scagadh: (*Tagairt déanta do Threoirlínte Tacaíochta Foghlama agus Imlitir 02/05*)

- Is iad na tástálacha scagtha a úsáidtear chun luathaitheint ábaltachtaí / deacrachtaí foghlama daltaí a éascú ná an Mist, an Sigma T agus an Micra T.
- Déantar na tástálacha scagtha i Mí Bealtaine nó Meitheamh gach bliain.
- Riarann an múinteoir ranga na tástálacha.
- Tá an múinteoir ranga i gcomhairle leis an múinteoir ranga páirteach sna tástálacha a léamh.

- Tá alán béime ar luath-idirghabhála anseo. Déanann an múinteoir ranga idirghabháil ar leith de thoradh scagtha. *(Céim 1 Ciorclán 02/05) Ceapaimid anseo go n-oibríonn tacaíocht foghlama níos fearr le ranganna náionán mhóra, rang a haon, agus rang a dó.*
- Is iad na critéir a léiríonn go bhfuil gá le tástáil dhiagnóiseach ná aon pháiste a fhaigheann níos lú ná sten 4 ar an sigma T agus micra T níos lú na an cut off point sa Mist.
- Cuirtear torthaí in iúl do thuismitheoirí ar na tuairiscí scoile ag deireadh na bliaina agus ag na cruinnithe múinteoirí/tuismitheoirí.
- Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí má mheastar go bhfuil tástáil dhiagnóiseach riachtanach go pearsanta.

(e) Measúnacht Dhiagnóiseach: *(Tagairt déanta do Threoirlínte Tacaíochta Foghlama, Caibidil 4)*

- Is iad na tástálacha diagnóiseacha foirmiúla a úsáidtear le tacaíocht foghlama iomchuí a chinneadh do dhaltaí aonair a léiríonn go bhfuil deacrachtaí foghlama acu ná an Aston Index.
- Tá an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíocht foghlama páirteach i leanaí a roghnú do mheasúnacht dhiagnóiseach.
- Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí roimh ré go pearsanta. Tá foirm chaighdeánach le taifead a dhéanamh ar thoiliú tuismitheoirí. Déanann an múinteoir ranga na socruithe riachtanacha.
- Riarann an múinteoir tacaíocht foghlama na tástálacha diagnóiseacha.
- Léann an múinteoir tacaíocht foghlama na torthaí.
- Cinntíonn an scoil go gcuireann torthaí na measúnachta eolas/fáisnéis ar fáil do phleananna foghlama a bheidh ann amach anseo tré mhéan na torthaí a anailisiú go cúramach.
- I ndiaidh tástála, is iad na nósanna imeachta a úsáidtear chun faisnéis a roinnt idir mhúinteoirí ná ó bhéal, thuismitheoirí go pearsanta agus ghníomhaireachtaí ábhartha ó bhéal ar an ngúthán agus ansin i bhfoirm scríofa.
- Is iad na critéir a úsáidtear nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi na daltaí ar cheart teagasc breise a chur ar fáil dóibh ná torthaí na Micra Ts agus breathnóireacht múinteoirí.
- Má shíltear go bhfuil sé riachtanach dul i gcomhairle le síceolaí (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais nó eile) faoi thorthaí tástála diagnóisí, déanann an príomhaoide na socruithe do chomhairliúchán mar sin.

- Níl nósanna imeachta ann chun measúnachtaí diagnóiseacha a dhéanamh a chuirtear in iúl do mhúinteoirí, tuismitheoirí ach déanfar é más gá.

(f) Measúnacht Shíceolaíoch: *(Tagair do Imlitir 02/05)*

- Déanann an múinteoir ranga agus an príomhoide idirchaidreamh le tuismitheoirí má mhothaítear go bhfuil gá le measúnacht síceolaíoch nó measúnacht eile (Céim 3, Imlitir 02/05).úsaidtear litreacha caighdeánacha agus foirmeacha toilithe an síceolaí.
- Tá an príomhoide freagrach as measúnacht ó speisialtóirí a iarraidh agus a eagrú (Síceolaí, Teiripeoir Urlabhra & Teanga, Éisteolaí, eile...)
- Tá ról lárnach ag an measúnacht chun plan oideachais aonair a dhréachtú.
- Coinnítear tuarascálacha an tsíceolaí faoi ghlas sa chófra san oifig agus tá an múinteoir feabhais agus an príomhoide i gceannas ar rochtain orthu.

(g) Cúntas a choimeád ar thorthaí measúnachta

- Is é an nós atá ag an scoil maidir le cúntas a choimeád ar thorthaí measúnachta ná iad a choimeád faoi ghlas i gcófra san oifig.
- Úsáidtear téarmaíocht aontaithe agus a thuigeann na múinteoirí uile é.
- Tá fhios ag múinteoirí faoin riachtanas atá ann tuairimí a thaifead ar shlí oibiachtúil agus oiliúnach.
- Is iad na socruithe atá i bhfeidhm d'aistriú eolais oiriúnaigh ar mheasúnachtaí
 - *mar shampla, ó mhúinteoir go múinteoir, do rang iomlán, do dhaltá aonair*

Critéir Rathúlachta

Seo roinnt táscairí praiticiúla a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith leis an bpolasaí:

- *Feidhmíonn nósanna imeachta go maith agus go héifeachtach mar go bhfuil soiléireacht ann faoin rud a bhfuil súil leis agus cé atá freagrach as gnéithe eile.*
- *Tarlaíonn aistriú faisnéise ó mhúinteoir ranga go múinteoir ranga go héifeachtach ag tús na scoilbhliana.*

Rólanna agus Freagracht

Tá freagracht ar leith ag an bpríomhoide agus an múinteoir tacaíocht foghlaim maidir le comhordú an pholasaí.

Dáta Cur i bhFeidhm

Deineadh athbheithniú ar an bpolasaí seo ar an 13ú Eanáir ag cruinniú foirne.

Clár Ama d'Athbheithniú

- Déanfar athbheithniú ar na nósanna imeachta nua agus más gá, leasú orthu tar éis dhá bhliain i 2014
- Cuirfidh an príomhoide tús leis agus chomhordóidh sé/sí an t-athbheithniú seo.

Daingniú & Cumarsáid

Is féidir leis an Bord Bainistíochta an polasaí seo a dhaingniú ag an céad cruinniú boird eile ar an 29ú Márta 2012. Cuirfear an polasaí in iúl do phobal na scoile ansin.

Rannóg Tagartha

- *Treoirlínte Tacaíochta Foghlama*. 2000. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Imlitir 02/05 Acmhainní Teagaisc a Eagrú do Dhaltaí i mBunscoileanna Príomhshrutha a mbeidh Tacaíocht sa Bhreis Uathu
- Curaclam na Bunscoile- Rannóg ar Mheasúnacht do gach ábhar
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais - *Working together to Make a Difference for Children*
- *Drumcondra English Profiles*. G. Shiel & R. Murphy. Foras Taighde Ar Oideachas
- *Commonsense Methods for Children with Special Needs*. Peter Westwood. Routledge Falmer
- Tá liosta de raon tástálacha measúnachta le fáil ar shuíomh idirlín an *SESS* www.sess.ie